# Audio Guide Tour Script

## Irish

the book of kells experience

## Fáilte

**Track 1**

Fáilte chuig Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Eispéireas Leabhar Cheanannais. Tabharfaidh an chéad chuid de do thuras tríd an Seanleabharlann thú, a d'oscail a doirse den chéad uair sa bhliain 1732. Sa tSeanleabharlann tá Leabhar Cheanannais, an tseoid chultúrtha is mó in Éirinn, agus an Seomra Fada, a mheastar a bheith ar cheann de na leabharlanna is áille ar domhan. Tá uimhir ag dul le gach cuid den chlosthuras seo ar an seinnliosta ar do ghuthán, agus an uimhir lena mbaineann le feiceáil go soiléir ar fud an taispeántais. Tabharfar trí thaispeántas Leabhar Cheanannais ar an mbunurlár tú, chuig an taisce ina bhfuil Leabhar Cheanannais féin lonnaithe.In a dhiaidh sin, breathnóidh sibh thart ar an Seomra Fada, a tá suite thuas staighre ar an gcéad urlár den Seanleabharlann.

Agus do thuras ar an tSean-Leabharlann curtha i gcrích agat, leanfaidh tú ar aghaidh chuig an bPailliún Dearg le haghaidh Chaibidil 2 den turas. Níl an foirgneamh seo ach nóiméad amháin uait de shiúl na gcos. Tabharfaidh tú faoi thuras digiteach trí bhailiúcháin luachmhara na Sean-Leabharlainne anseo agus rachaidh tú ar aistear trí stair Leabhar Cheanannais chomh maith. An bhfuil tú réidh? - ar aghaidh linn mar sin!

## Na Clocha Ogham

**Track 2**

Aibítir ársa Ghaeilge ab ea Ogham a thagann chugainn ón gceathrú haois nó níos luaithe ná sin b'fhéidir. Tugtar Clocha Oghaim ar na clocha ina bhfuil an scríbhneoireacht seo le feiceáil ach is dócha gur ar adhmad a raibh an chuid ba mhó den Ogham greanta (nó carved) an chéad lá. Is ó bhun go barr a léitear Ogham agus é déanta de línte a théann transa mar aon le heangaí (nó notches). Seasann na línte agus na heangaí seo d'fhuaimeanna éagsúla. Is in iardheisceart na hÉireann a fhaighimid an chuid is mó de na clocha Oghaim ach, uaireanta, faightear iad leis sa Bhreatain Bheag, in Albain, i Sasana agus ar Oileán Mhanann (nó the Isle of Man).

Córas scríbhneoireachta páganach is ea Ogham le ceart ach de réir an taighde is déanaí, tagann an chuid is mó de na clocha Ogham chugainn ón gcúigiú agus ón séú haois nuair a bhí an Chríostaíocht faoi réim in Éirinn. Is ainmneacha daoine a fhaighimid ar na Clocha Oghaim den chuid is mó mar aon leis an treibh (nó tribe) dar díobh iad. Meastar gur baineadh úsáid as an dá shampla anseo chun teorainneacha (nó boundaries) a mharcáil. As tuairim is 300 Cloch Oghaim in Érinn dá bhfuil fós againn, tagann níos mó ná 80 cloch ó Chontae Chiarraí amháin.

Tagann an chloch mhór anseo ó lios (nó ringfort), áit chosanta ón gCré-Umhaois (nó Bronze Age). Tá an lios seo lonnaithe i gClochán Ruairc i gContae Chiarraí. Tá na focail Anm, nó aimn, agus MAC greanta sa chloch. Tagann an chloch bheag ó Inis Mhic Aoibhleáin, ceann de na Blascaoidí amach ó Chósta Chontae Chiarraí. Ar an gceann seo, tá na focail Anm, nó ainm, agus Avi, nó garmhac, le feiceáil. Gearradh ceithre chros ar gach taobh den chloch seo.

Ón seachtú haois ar aghaidh níor úsáideadh scríbhneoireacht Oghaim ar chlocha a thuilleadh ach do mhair sé mar 'ogham scolártha' agus é scríofa ar imill lámhscríbhinní Éireannacha airithe ón naou haois.

## Comharthaí na gCeithre Soiscéalaithe

**Track 3**

Tá na ceithre soiscéal a scríobh Matha, Marcas, Lúcás agus Eoin ar fáil i Leabhar Cheanannais. Scríobhadh é thart ar 800 bliain tar éis Chríost - nach mór 600 bliain sular tosaíodh le clódóireacht sa tSín agus thart ar 400 bliain tar éis teacht Naomh Pádraig go hÉireann. Baineann dhá mhainistir le scéal Leabhar Cheanannais: mainistir Í, ar oileán atá amach ó chósta iarthar na hAlban, agus mainistir Cheanannais i gContae na Mí.

Bhunaigh Naomh Colum Cille (nó Columba) an mhainistir ar Oileán Í agus creidimid gur scríobhadh Leabhar Cheanannais i gcomóradh ar a bhás. Meastar gur bogadh Leabhar Cheanannais chun é a choimeád slán sábhailte ó Oileán Í (nó Iona) mar rinne na Lochlannaigh (nó the Vikings) ionsaí ar an oileán trí huaire sna blianta 795 agus 802 agus arís sa bhliain 806 tráth ar maraíodh 60 manach. D'fhág cuid de na manaigh a tháinig tríd an ionsaí seo Oileán Í chun mainistir nua a bhunú i gCeanannas, Contae na Mí, agus glactar leis gur thóg siad an leabhar soiscéalta iontach seo leo chun é a choimeád slán.

Ar thaobh na láimhe deise feicfidh tú siombailí na soiscéalaithe féin - Matha, Marcas, Lúcás agus Eoin - atá úsáidte i Leabhar Cheanannais. I dtraidisiún na Críostaíochta is iad seo ainmneacha na ndaoine a scríobh na ceithre Shoiscéal sa Tiomna Nua. Tagann an focal 'soiscéalaí' ón nGréigis agus ciallaíonn sé 'an té a chraobhscaoileann dea-scéal'.

Ar chlé ar barr, feicimid Naomh Matha agus é mar fhear, ansin ag dul ar dheis, Naomh Marcas mar leon, Naomh Lúcás mar lao agus Naomh Eoin mar iolar. Sa cheathrú céad, d'aithin an Pápa Gréagóir na siombailí seo mar cheithre cheim i mBeatha Chríost - rugadh é mar fhear, bhí sé mar lao a cuireadh chun báis, mar leon ina aiséirí agus ar deireadh mar iolar agus é ag dul suas ar Neamh.

## Líocha

**Track 4**

Tá clú agus cáil ar Leabhar Cheanannais as an maisiúchán álainn atá ann. Tá sé chomh hildaite céanna inniu agus a bhí sé nuair a scríobhadh é breis is míle bliain ó shin. Ábhar iontais do dhaoine ó shin i leith go mbeadh leabhar daite ar shlí chomh hornáideach sin.

Rinneadh cuid mhaith taighde ar na dathanna i Leabhar Cheanannais ar feadh na mblianta agus is cosúil gur tháinig an chuid ba mhó de na dathanna as ábhair áitiúla atá ar fáil in Éirinn agus in Albain.

An dúch (nó ink) a úsáideadh don scríbhneoireacht, seancheann atá ann, é déanta de ghál darach (nó oak apples), sulfáit iarainn (nó iron sulphate) agus guma agus é measctha le fíon nó fínéagar. Tagann an dath gorm ó ruaim indeagó a fhaightear ó ghlaisin, planda a bhíodh ag fás go forleathan in Éirinn agus sa Bhreatain ag an am chun éadaí a dhathú. Baineadh úsáid as léicean (nó lichen) chun an dath corcora a chruthú. Sin planda nó fungas a fhásann ar chrainn, ar chré agus ar charraigeacha ar fud na hÉireann. Úsáideadh suilfíd arsanaice (nó arsenic sulphide) chun an dath iontach buí atá sa lámhscríbhinn a dhéanamh. Tugadh 'Auripigmentum' ar an dúch seo mar go raibh sé comh hórga agus chomh geal sin. Nuair a fhéachann tú ar Leabhar Cheanannais, feicfidh tú go lonraíonn an dath órga seo amach as na leathanaigh féin.

Ní beag an chruthaitheacht a bhí i gceist le húsáid na ndathanna seo. Is minic a chuirtear spotaí dearga timpeall ar na dathanna eile agus tugann seo patrún bríomhar dúinn ar na leathanaigh a bhfuil dath uachtair orthu. Feicfidh tú cuid de na dúigh agus na dathanna a úsáideadh i Leabhar Cheanannais sa chás os do chomhair amach.

## Veilleam Craiceann Lao

**Track 5**

Níor baineadh úsáid as páipéar an uair úd nuair a scríobhadh Leabhar Cheanannais agus tá leabhair mar é scríofa ar chraiceann an lao. Tugtar veilleam air seo agus is féidir é a fheiceáil anseo. Bhí gá leis an gcraiceann ó 185 lao nó mar sin chun Leabhar Cheanannais a dhéanamh. Chun veilleam a ullmhú, cuireadh an craiceann in aol (nó lime) agus ansin baineadh an ghruaig agus aon rud eile le scian. Cuireadh an craiceann ar fhráma adhmaid ansin chun é a thriomú. Tá taobh gruaige agus taobh feola ag gach craiceann. Is féidir falacail gruaige a fheiceáil ar chuid de na leathanaigh i lámhscríbhinní meánaoiseacha. Na scríobhaithe a scríobh Leabhar Cheanannais, d'úsáid siad taobh feola an veillim do na leathanaigh ina bhfuil a lán maisiúchán mar go raibh siad seo níos míne.

Rud an-luachmhar ab ea an veilleam sna meánaoiseanna. Mar sin, bhain na scríobhaithe úsáid as gach craiceann a fuair siad, fiú má bhí poill iontu, agus tá cuid den fhuáil (nó stitching) fós le feiceáil in áiteanna inar deisíodh an leabhar. Ar thug tú faoi deara an deisiú a rinneadh ar fhóilió na Soiscéalaithe. Tá sé le feiceáil thíos sa chúinne ar dheis. Bhí an veilleam go hiontach leis mar dá ndéanfadh na scríobhaithe botún agus iad ag scríobh, ní raibh le déanamh acu ach an veilleam a scríobadh le scian chun an botún a scriosadh amach. D'úsáid na scríobhaithe pinn a bhí déanta as cleití na n-ealaí nó na ngéanna.

Anois téir sall go dtí an taobh eile den taispeántas chun féachaint ar fhíseán mar gheall ar obair na scríobhaithe dar teideal The Art of the Quill. Mura ndéanann tú glór ar bith, cloisfidh tú na fuaimeanna a dhéanann na pinn seo agus an scríobhaí ag scríobh ar an veilleam.

## Leathnach Chi Rho

**Track 6**

Anois tá tú i do sheasamh os comhair ceann de na híomhánna is cáiiliúla san ealaín mheánaoiseach - leathanach Chi Rho as Leabhar Cheanannais. Leagan Gréigise den ainm Críost is ea Chi Rho. An féidir leat na litreacha X, P agus I a dhéanamh amach?

Nuair a chuimhníonn tú ar an dearadh agus maisiúchán casta seo ar fad agus sinn ag féachaint ar leagan méadaithe den leathanach, ábhar iontais is ea é gur éirigh leis na manaigh óga an maisiúchán seo a dhéanamh i bhfoirm atá i bhfad níos lú i Leabhar Cheanannais féin. Ba léir go raibh scileanna ar leith acu agus radharc na súl iontach acu agus iad ag obair go díograiseach ar na maisiúcháin seo. Ní haon ionadh mar sin gur scríobh na manaigh ar imill na lámhscríbhinní uaireanta rudaí ar nós "Táim bréan de seo!" "Tá sé fuar anseo" nó "Is fada liom go mbeidh seo críochnaithe agam!"

Meastar nach raibh na manaigh óga seo ach thart ar ocht mbliana déag d'aois. Ach ag an am sin bheifeá leathshlí trí do shaol agus tú in aois a hocht déag. Bhí gá acu le radharc na súl den chéad scoth chun bheith ag obair ó dhubh go dubh ar na maisiúcháin seo gan mórán solais acu. Más maith leat, tóg sos ón turas anois agus féach ar an leathanach seo ar feadh tamaill. Gheobhaidh tú tuilleadh eolais ar an bpaineál ar thaobh na láimhe deise.

Leathanach eile ó Leabhar Cheanannais atá méadaithe anseo ná an Phortráid de Naomh Eoin, Soiscéalaí. Feicfidh tú é os comhair an leathanaigh Chi Ro. Tá leabhar soiscéil ina lámh ag Naomh Eoin agus é ag iompar theachtaireacht Chríost. Ar imeall an fhráma de Naomh Eoin, feicfidh tú ceann, cosa agus lámha figiúir eile. Faraor, cuireadh clúdadh nua ar Leabhar Cheanannais sa bhliain 1826, agus an té a chuir an clúdach nua seo air, ghearr sé imill na bhfóiliónna. Cailleadh cuid de na maisiúcháin mar sin.

## Leabhar Cheanannais

**Track 7**

Ar deireadh, seo do sheans codanna uile na staire a chur le chéile agus féachaint ar an lámhscríbhinn mheánaoiseach is cáiliúla ar domhan. Taispeántar Leabhar Cheanannais i dtimpeallacht atá rialaithe go cúramach, ag leibhéal taise seasta , agus é cosanta ó sholas a dhéanadh damáiste de.

Ní le húsáid laethúil a rinneadh Leabhar Cheanannais. Go deimhin, is lámhscríbhinn shearmanais a bhí inti a dearadh chun bheith ar an altóir. Radharc an-spreagúil a bhí ann nuair a cruthaíodh é 1,200 bliain ó shin, mar is beag saothar ealaíne dá leithéid a bheadh feicthe ag formhór na ndaoine ag an am sin. Ní heol dúinn cérbh iad na húdair ná na healaíontóirí aonair ach tá a bpearsantacht le brath san éagsúlacht iontach de litreacha agus focal maisithe atá ar gach leathanach – tá idir nithe spraíúla, geoiméadracha, éasca agus an-léiritheach ann ach gan athrá ariamh le brath iontu. Fiú más féidir leat an Laidin a léamh, tógann sé tamall ar do shúil dul i dtaithí ar an script álainn, nach bhfuil cur amach agat air, áit ar féidir le coirp casta na ndaoine nó ainmhithe litir a chruthú.

Is fíor go bhfuil Leabhar Cheanannais ar cheann de na héachtaí is mó a bhain le saol na mainistreach luath-mheánaoise – is cinnte go gcuirfidh úrnuacht a deartha, úsáid cruthaitheach na dathúcháin, agus castacht mionshonraithe a íomhánna an leabhar seo i measc iontais an domhain. Is mór an phribhléid do Choláiste na Tríonóide a bheith freagrach as é a chaomhnú ionas go leanfaidh sé ag spreagadh na nglúnta atá le teacht. Anois, déan do bhealach suas an staighre le go bhfeicfidh tú an Seomra Fada.

## Tionscadal Athfhorbartha na Seanleabharlainne

**Track 8**

Fáilte to dtí Seomra Fada an tSean Leabharlann, a ghlaotar go minic air  mar "Ireland's Front Room" agus ceann des na leabharlanna is áille ar domhain.

Tá leabharlann sa seomra seo ó 1732, agus tá sé úsáidte ag scoláirí ó shin de. Tá tionscadal mór-thabhachtach á dhéanamh faoi láthair, chun athchóiriú agus caomhnú a cur i bhfeidhm, darb ainm dó ná "Tionscadail Athfhorbairt an tSean Leabharlann." Mar chuid den tionscadal, tá na bailiúcháin go léir a raibh suite san Leabharlann, aistrithe go áit stórála speisialta. Míníon Helen Shenton, Leabharlannaí agus ceartlannaí na gColáiste, níos mó:

"Tá 3 phríomhchuid ag baint le tionscadal reatha Athfhorbartha na Seanleabharlainne, ar dtús caomhnú an fhoirgnimh seo ón 18ú haois agus an bailiúchán leabhar ollmhór a mhaireann inti, leis na mílte bliain, a chaomhnú. Ní mór dúinn an foirgneamh 4ú haoise seo a chaomhnú agus ní mór dúinn an timpeallacht ina bhfuil siad agus cosaint dóiteáin na bailiúcháin a fheabhsú. Ar an dara dul síos, tá taispeántas nua do chuairteoirí chomh maith le léirmhíniú ar Leabharlann Leabhar Cheanannais, eispéireas feabhsaithe músaem agus an tríú rud - ionad staidéir bailiúcháin taighde inspioráideach nua ar chaighdeán idirnáisiúnta do mhic léinn agus taighdeoirí le cruthú. Chun é seo a dhéanamh, ní mór dúinn na bailiúcháin go léir a choimeádtar mar chuid de scinceáil 700,00 mír a bhogadh – is éard a bheidh i gceist leis seo ná na taifid a nuashonrú chun iad a dhéanamh leictreonach, na himleabhair a ghlanadh agus iad a chlibeáil ionas gur féidir iad a rianú. Tá spás staidéir bailiúcháin taighde eile á chruthú againn freisin ionas go mbeidh fáil ag lucht leite na leabhair ar an ábhar go léir le linn na tréimhse dúnta agus togála. Tá an tSeanleabharlann, arb í croí na hOllscoile í, suite i gcroílár Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tá an Leabharlann agus na Bailiúcháin atá le fáil inti mar chuid den oidhreacht chultúrtha is fearr in Éirinn agus ní mór dúinn sin a chaomhnú do na glúnta atá le teacht."

## An Decant

**Track 9**

Gan dabht, beidh sé soiléir duit nach bhfuil mórán leabhair fágtha ar na seilfeanna, agus an obair caomhnithe faoi lán sheoil. Tá formhór des na rudaí tógtha amach cheana féin ag an bhFoireann Caomhnithe. Ní raibh na seilfeanna, ná an leabharlann anseo sa Seomra Fada, chomh folamh seo leis na céadta bliain! Mar sin, is radharc neamh-coitianta, stairiúl atá amach ós do chomahir, is ní bfeicfimid a leithéid arís inár saol. Is "Decant" an teidil speisialta atá ar an próiseas seo, chun na leabhar a bhogadh, agus is annamh a tharlaíonn decant den scála seo ar domhan. Tá gach leabhar a bhfuil tógtha ón seilf glanta le folúsghlantóir speisialithe, ansin tomhaisithe, clibeáilithe, agus nascatha le catalóg ar-líne, sular bhfuil sé ath-bhogtha go cúramach arís, go ionad stórála atá faoi rialú aeráide.

Ar na scáileáin ar chrochadh san leabharlann, is féidir scannáin a fheiceáil a léiríonn an obair sa chúlra ag baint leis an Decant. Tóg do am chun féachaint ar an obair iontach agus an cúram éachtach ag gach céim den próiseas seo.

## An Forógra

**Track 10**

Tá ceann den bheagán cóip d'Fhorógra na Cásca le feiceáil sa chéad chás taispeána sa Seomra Fada, agus is dócha gurb iad na doiciméid is aitheanta i stair na hÉireann iad. Léigh Pádraig Mac Piarais an Forógra taobh amuigh d'Ard-Oifig an Phoist (GPO) i mBaile Átha Cliath ag tús Éirí Amach na Cásca 1916. Tar éis dóibh iad féin a fhógairt mar Rialtas Sealadach Phoblacht na hÉireann cuireadh sínitheoirí an doiciméid stairiúil seo faoi thriail armchuairte agus ina dhiaidh sin daoradh chun báis iad. D'fhoilsigh Arm Cathartha na hÉireann agus Óglaigh na hÉireann Forógra 1916 le linn Éirí Amach na Cásca. Deir sé go raibh Poblacht neamhspleách fógartha agus go raibh Rialtas Sealadach Neamhspleách ceaptha. Ba smaoineamh réabhlóideach, ceannródaíoch a bhí san doiciméad ar go leor bealaí, ag iarraidh poblacht nuair a bhí an chuid is mó den Eoraip faoi rialú ag Impirí agus Ríthe. Deirtear i gcuid den doiciméad:

Tá sé de cheart ag Poblacht na hÉireann, agus dearbhaíonn sí, go bhfuil dílseacht gach fear agus bean Éireannach aici. Geallann an Phoblacht saoirse reiligiúnach agus sibhialta, cearta agus deiseanna comhionanna dá saoránaigh go léir agus dearbhaíonn sí a rún sonas agus rath na tíre ar fad agus gach cuid di a chur chun cinn, agus páistí uile na náisiún a thógáil go cothrom.

Cuireadh tuairim is 1000 cóip de i gcló i Halla na Saoirse ag an am agus inniu níl ach timpeall 50 cóip le fáil. Creidimid go bhfuil seans ann gur tógadh an ceann a bhfuil tú ag féachaint air ó bhallaí Cheanncheathrú na reibiliúnach ar Shráid Uí Chonaill. Mar sin is doiciméad as an ghnáth é seo! De réir dealraimh, rith siad amach as cló-aghaidh sular cuireadh i gcló é agus bhí orthu ruathar a chur ar siopa printéir eile chun an leagan amach a chríochnú. D'fhéadfadh sé seo míniú a thabhairt ar an fáth go bhfuil níos mó ná cló amháin in úsáid sa chóip neamhchoitianta seo d'Fhorógra na Cásca.

## Dealbha na mBan

**Track 11**

Ón 18ú aois, tá dealbha marmar ar gach taobh de Leabharlann an Seomra Fada, a dhéanann ionadaíocht ar na scríobhneoirí, na smaointeoirí, is na scoláirí cáiliúla tríd na h'aoiseanna. Léiríonn mórchuid des na dealbha seo daoine a bhfuil baint acu le Coláiste na Tríonóide.

Ar Lá Fhéile Bríde, an chéad lá de Mhí Feabhra 2023, cuireadh ceithre dealbh nua a léiríonn ceathrar scoláire a bhí ina mná san Seomra Fada, don chéad uair. Is iad na mná atá i gceist ná an t'eolaí Rosalind Franklin, an drámadóir agus bunatheoir amharclainne Augusta Gregory, an matamaiticeoir Ada Lovelace agus abhcóide ceannródaíoch cearta na mban - Mary Wollstonecraft. Insíonn Anne Marie Diffley, Ambassadóir Seirbhísí do Chuairteoirí níos mó dúinn.

"Tá 4 dhealbh nua de mhná againn sa Seomra Fada anois agus is ócáid stairiúil go leor é seo mar go dtí le déanaí ba fhir a bhí sna dealbha go léir sa Seomra Fada mar nár tháinig mná go Coláiste na Tríonóide go dtí 1904, agus mar sin tugadh isteach 4 chinn seo. Clúdaíonn siad Drámaíocht, Fionnachtain Eolaíoch, Mata agus Cearta na mBan. Comórtas a bhí á reáchtáil ag iar-Phropast a bhí ann agus ba iad seo an ceathrar a roghnaíodh as 500. Mar sin, tá siad ar na chéad chinn ach go leor le teacht."

Roghnaithe ar son na drámaiochta, bhí Lady Augusta Gregory ina ceann des na daoine suntasacha is intealachta agus is cruthaitheach in Ath-Bheochan Liteartha na h'Éireann.

Cabhraigh a cuid oibre mar drámadóir, cosantóir na Gaeilge, aistritheoir, scríobhneoir, béaloideasóir, bunaitheoir amharclann agus tráchtaire ar chúrsaí sóisialta, sainmhíniú a thabhairt ar náisiúnachas chultúrtha, agus a chás a chur in iúil sna blianta roimh agus i ndiaidh Saorstáit na h'Éireann a bunaíodh  i 1921. Dúirt George Bernard Shaw gurb an bhean Éireannach níos fearr riamh a bhí inti.

Ó thaobh na h'eolaíochta de, tá fionachtana Rosalind Franklin tar éis cabhrú leis an cine daonna cé gur fuair sí bás roimh am, nuair nach raibh sí ach 37 bliain d'aois, i 1958. Bhí a cuid oibre barrthabhachtach i structúr DNA a bhaint amach, ceann des na forbairtí bhunaithritheach an 20ú h'Aois. Cé gur bhronnaid duaiseanna Nobel ar daoine eile don a gcuid oibre san seo, ní bhfuair Rosalind duais, mar nach féidir Nobel a bhronnadh tar éis bháis. Pé scéal é, tá a cuid fionnachtana ina oidhreacht ba mhó a d'fhág sí againn.

Is féidir smoineamh ar an matamaiticeoir Ada Lovelace mar an chéad ríomhchláraitheoir. Scríobh sí pápéir i 1843 faoi dearadh Charles Babbage don chéad ineall anailíseacha - rud a glaoimid ríomhaire air anois! Scríobh sí na nótaí cáiliúla sin, níos mó ná céad bliain roimh Alan Turing, fear a bhfuil cáil air mar athair na h'Intleachta Shaorga agus Ríomheolaíocht teoiriciúil, a d'oibrigh i bPáirc Bletchely, ionad códscaoileadh  i rith an Dara Chogadh Domhanda.

Is í an ceathrú bean a bhfuil onóir tabhartha di le dealbh, ná Mary Wollstonecraft, abhcóide ceannródaíoch cearta na mban. Meastar gurb é an téacs "A Vindication of the Rights of Women" a scríobh sí i 1792, ina théasc bunúsach do gluaiseacht cearta na mban. Ba smaointeoir radacach ag an amí, agus rinne sí cás láidir go raibh ceart chun oideachais ag mná , agus go ba cheart dóibh bheith ar chomhcheim sa tsochaí.

## An Chláirseach is Sine in Éirinn

**Track 12**

Sa cás taispeántais seo tá cruit Brian Ború, is í seo an chruit is sine in Éirinn. An aithníonn tú é? Sin é an íomha atá le feiceáil ar stáiseanóireacht uile an Rialtais, ar bhoinn, ar bratacha agus ar phasanna na hÉireann. Seans go n-aithníonn tú freisin é mar shuaitheantas Guinness.

Tá cruit Brian Ború déanta as crann darach agus saileach agus má bhreathnaíonn tú go géar uirthi tabharfaidh tú snoíodóireacht ornáideach agus na marcálacha áit a raibh clocha leathlómhara tráth. Bronnadh an chruit ar Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath sa bhliain 1782 agus tá sé luaite go láidir le BrianBorú, Rí na hÉireann, a maraíodh le linn Cath Chluain Tarbh sa bhliain 1014. Dearadh an chruit le go bhféadfaí é a iompar thimpeall ar chaisleáin na hÉireann chun siamsaíocht a chur ar fáil do ríthe le linn an lae. Ba scéalaithe a bhí sna baird a sheinneadh na huirlisí seo, agus iad ag coinneáil amhráin, scéalta agus eachtraí mór na linne beo.

Tá do chuairt ar an tSean-Leabharlann tagtha chun deiridh anois. Ach, ar ámharaí an tsaoil, ní deireadh Eispéireas Leabhar Cheanannais é seo. Má roghnaigh tú an ticéad iomlán d'Eispéireas Leabhar Cheanannais, tugaimid cuireadh duit anois siúl linn go dtí an Pailliún Dearg, áit a gcuirfear tús le Caibidil 2 den turas. Bí réidh chun iniúchadh tumthach iontach a dhéanamh ar Leabhar Cheanannais agus ar an tSean-Leabharlann.

Agus tú ag fágáil na Seanleabharlainne, seinn fuaimrian 12 ar do ghuthán chun tuilleadh eolais a fháil faoi fhoirgnimh stairiúla Choláiste na Tríonóide agus tú ag siúl go dtí an Pailliún Dearg.

## Turas go dtí an Pailliún Dearg

**Track 13**

Agus tú ag fágáil na Sean-Leabharlainne, cas ar dheis i dtreo an Phailliúin Dheirg. Rachaidh tú thar foirgneamh sraithe brící dearga - tugtar na Rúibricí ar an bhfoirgneamh seo. Is é na Rúibricí an foirgneamh is sine i gColáiste na Tríonóide agus tógadh é sna 1690idí. Sa lá atá inniu ann, úsáidtear é mar chóiríocht do mhic léinn, do chomhaltaí ollscoile agus do chuairteoirí chuig an gcampas.

Chun an Pailliún Dearg a bhaint amach, lean ort ag siúl ar an gcosán go dtí an Chearnóg Nua agus na Rúibricí ar thaobh na láimhe clé agus an Seanleabharlann ar thaobh na láimhe deise. Chomh luath agus a rachaidh tú isteach sa Chearnóg Nua, feicfidh tú Foirgneamh an Phailliúin Dheirg. Chun an príomhdhoras a bhaint amach, glac an chéad chasadh ar chlé ón gcosán agus lean ar aghaidh ar chúl na Rúibricí.

Is turas féintreoraithe é thuras an Phailliúin Dheirg a théann trí shraith de spásanna digiteacha tumthacha a chuireann bailiúcháin luachmhara na Seanleabharlainne agus turas 360 trí Leabhar Cheanannais i láthair. Ag deireadh an turais, tá ár siopa bronntanas ina bhfuil bailiúcháin eisiacha a dearadh in Éirinn, éadaí agus bronntanais a bhfuil gach ceann díobh bunaithe ar Choláiste na Tríonóide.

Tá súil againn go mbainfidh tú taitneamh as an gcuid eile de do thuras agus ba mhaith linn an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leat as cuairt a thabhairt ar Eispéireas Leabhar Cheanannais.